

## Comhthéacs Beartais

Tá ról ríthábhachtach ag na meáin maidir le tuairimí, dearcthaí agus claontachtaí sochaí ar leith a chruthú. Is léiritheoirí agus tomhaltóirí iad mná, agus cuid d'inneachar sna meáin chomh maith. Ní bhíonn inneachar sna meáin i gcónaí “íogair d’inscne”, is féidir leis íomhánna maslacha ban a léiriú agus ról, steiréitíopaí agus noirm inscne a bhuanú. Rinne méadú i dteicneolaíocht dhigiteach agus i gcineálacha úrnua cumarsáide an caidreamh idir ról na mban sna meáin agus an dóigh a mbaineann léiritheoirí, tomhaltóirí agus inneachar leo. Baintear úsáid as cineálacha traidisiúnta meán i mbealach difriúil, lena n-áirítear bealaí nua le gníomhú ar aiseolas poiblí.

## Conclúidí Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Meitheamh 2013)

- Rinneadh forbairtí suntasacha sa réimse sin.
- Iarrann tograí deonacha sa bhreis ag eagraíochtaí meán le comhionannas inscne a chur chun cinn.
- Molann cur chun feidhme e.g. cleachtas earcaíochta bunaithe ar “chritéir shoiléire thrédhearcacha atá ceaptha go neamhchlaonta”, cultúr riaracháin atá oiriúnach d’fhostaithe, beartais a éascaíonn feabhas ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar bhainistíocht atá íogair d’inscne.

## An Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc (2010/13/AE)

- Chuir cosc ar ghríosú chun fuatha ar bhonn cine, gnéis, creidimh agus náisiúntachta.
- D’iarr ar Bhallstáit na bealaí cuí a áirithiú nach mbíonn aon cheann de na nithe thuasluaite ann i seirbhísí na meán closamhairc le soláthraithe na meán faoina ndlínse.

## Tionscnaimh AE a cheistíonn idirdhealú agus steiréitíopaí inscne sna meáin

- An tuarascáil de chuid Choiste FEMM (Parlaimint na hEorpa) maidir le steiréitíopaí inscne in AE a dhíothú.
- Tuairim ón gCoiste Comhairleach um Dheiseanna Comhionanna do Mhná agus d’Fhir (an Coimisiún Eorpach) maidir le steiréitíopaí inscne sna meáin a bhriseadh.

- Creat gníomhartha Choiste AE um Chomhphlé Sóisialta Earnála Closamhairc (Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa) maidir le comhionannas inscne agus “foireann uirlisí” ar dheachleachtas a bhaineann le gníomhartha um chomhionannas inscne i gcomhlachtaí meán closamhairc.

## Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

- J.1.** Rannpháirtíocht agus rochtain na mban ar léiriú agus ar chinnteoireacht sna meáin agus trí na meáin agus teicneolaíochtaí úrnua cumarsáide.
- J.2.** Léiriú cothrom neamhsteiréitíopach na mban sna meáin a chur chun cinn.

Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle AE in 2013, formhuiníodh táscairí a mheasann scair de mhná agus d’fhir i bpoist agus i mboird chinnteoireachta, chomh maith le táscaire a dhéanann meastóireacht ar bheartais a chuireann comhionannas inscne in eagraíochtaí meán chun cinn. I samhradh 2012, bailíodh sonraí inchomparáide ar fud AE, ar ionadaíocht na mban i gcúrsaí cinnteoireachta laistigh d’eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha na meán. Níor tugadh aghaidh sa staidéar ar an réimse níos casta, tionchar féidearthachta ag rannpháirtíocht na mban i bpost a bhaineann le rialú eagarthóireachta ar inneachar atá íogair d’inscne sna meáin.

Tá na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo ar fáil sa bhunachar sonraí, Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, a thionsaigh an Foras Eorpach um Chomhionannas Inscne ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>

## Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

### Tá mná faoi ghanníonadaíocht i mbainistíocht na neagraíochtaí meán

Le fiche bliana anuas, bhí méadú i bhfostaíocht na mban san earnáil meán, ar beagnach leath (44 %) den



lucht fostaíochta laistigh den earnáil meán faoi 2011. Ag leibhéal AE, b'iad na mná an grúpa is mó (68 %) de chéimithe i gcúrsaí iriseoireachta agus faisnéise in 2011.

Ag an am céanna, is beag an tionchar atá ag stádas na mban in eagraíochtaí na meán a théann i gcion ar inneachar agus ar straitéis eagraíochta. Ar fud AE, níl mórán ban (32 %) i mbarrphoist in eagraíochtaí na meán. Léiríonn tionchar ag an "tsíleáil ghloine" laghdú ar sciar de na mná i gcomhréir le leibhéal sinsearachta an stádais: ba mhná iad 21 % de Phríomhoifigigh Oibriúcháin AE agus 16 % de Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Tá líon na bpost ag an leibhéal seo measartha beag ach is cúis imní é neamhláithreacht na mban, ós rud é go dtéann na ról sin i gcion ar straitéis agus ar inneachar sna meáin den chuid is mó de ghnáth.

Tá ionadaíocht na mban in eagraíochtaí poiblí agus príobháideachta meán éagsúil: cé gur mná iad 35 % de phoist bhainistíochta na gcomhlachtaí poiblí meán in 2012, ba é 29 % an figiúr a bhí sna heagraíochtaí príobháideacha meán.

### Tá mná faoi ghanionadaíocht i mboird na neagraíochtaí meán in AE

Ba é 26 % ionadaíocht na mban ar bhoird na neagraíochtaí meán in AE in 2012, beagáinín níos lú ná an figiúr d'ionadaíocht sna barrphoist bainistíochta (33 %). Ar an meán, ba mhná iad 29 % de chomhlachtaí de bhoird phoiblí meán, i gcomparáid le 22 % i mboird na neagraíochtaí príobháideacha meán.

### Leithscaradh inscne cothrománach agus ingearach forleathan laistigh d'eagraíochtaí meán

De réir staidéir a rinne an International Women's Media Foundation in 2011, is suntasach é gannionadaíocht na niriseoirí mná i réimsí áirithe, mar shampla, i rialachas,


léiriú agus dearadh agus i bpoist teicniúla. Ag an am céanna, tá codarsnacht ann idir an ngannionadaíocht sin agus róionadaíocht i réimse eile sna meáin. Is sampla eile de leithscaradh inscne sna meáin é an meas níos airde a thugtar go ginearálta do mheáin ina mbíonn na fir i gceannas, amhail nuachtáin mhórbhileoige, i gcomparáid le hirísí, áit a mbíonn ionadaíocht níos láidre ag na mná.

### Is féidir le beartais agus bearta comhionannas inscne a neartú laistigh d'eagraíochtaí meán

Is casta iad na cúiseanna atá le líon na mban i stádas níos ísle údaráis in eagraíochtaí a bheith chomh hard — ní amháin sna meáin ach i réimsí polaitiúla, eacnamaíochta agus eile freisin. In 2012 ba bheag na heagraíochtaí meán, a ndearnadh taighde orthu, a raibh beartais acu (36 %) maidir le comhionannas inscne agus le comhdheiseanna, nó bearta praiticiúla le comhionannas inscne a chur chun cinn amhail beartais chomhionannais agus meicníochtaí faireacháin a bhunú. Bhí beartas nó cód iompair um chomhionannas inscne ag an gceathrú cuid acu agus bhí beartas um chomhdheiseanna inscne agus éagsúlacht glactha ag an gcúigiú cuid. Ba bheag na heagraíochtaí meán a thuiriscigh go raibh meicníochtaí ar bun acu chun gealltanais maidir le comhionannas inscne a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu.

Is lú is dóichí go bhfuil beartais phraiticiúla glactha ag eagraíochtaí meán in AE chun comhionannas inscne a chur chun cinn (33 %) ná go bhfuil cód iompair agus meicníochtaí faireacháin go ginearálta glactha acu (36 %). Ba iad na cionta a tuairiscíodh, ina raibh níos mó "céimeanna praiticiúla" glactha ná (in ord íslitheach): beartas ciaptha ghnéasaigh — 23 %; beartas dínite ar obair — 18 %; beartas saoire mháithreachais — 17 %; beartas saoire atharthachta — 16 %; oiliúint ar fheasacht

## CÉATADÁIN DE MHNÁ I BPOIST CHINNTEOIREACHTA STRAITÉISEACHA I gCÁS GO MBÍONN NÓ NACH MBÍONN BEARTAIS DHIFRIÚLA UM CHOMHIONANNAS INSCNE AR BUN INA LEITH, 2012



Foinse: EIGE, Advancing gender equality in decision-making in media organisations, 2013 (Comhionannas inscne a chur ar aghaidh i gcinnteoireacht in eagraíochtaí meán).



ar chomhionannas don fhoireann — 8 %; oiliúint ar cheannaireacht do mhná — 6 %; comhairleoirí ciaptha 4 %; agus poist oiliúnaithe do mhná. Is cosúil go bhfuil nasc láidir sna bearta le líon níos mó ban i bpoist chinnteoireachta straitéiseacha (leibhéal 1) agus ar bhoird mheán.

D'fhéadfaí láithreach na mbearta sin in eagraíochtaí meán bheith tairbheach chun mná a chur chun cinn i bpoist chinnteoireachta. Ba mhó ba dhócha go raibh sciar níos airde de mhná i bpoist chinnteoireachta straitéiseacha sna heagraíochtaí meán siúd a chuir beartais nó bearta chomhionannais inscne i bhfeidhm ina gcleachtais.

### **Oibríonn ENRanna agus comhpháirtithe sóisialta i gcomhar le rialtais i dtreo mhná a chur ar aghaidh chuig barrphoist sna meáin**

Tá eagraíochtaí comhpháirtithe agus sochaí sóisialta, go háirithe eagraíochtaí mná, gníomhach ina dtacaíocht do dhul chun cinn na mban i bhfostaíocht, sna meáin san áireamh. Tá oifigigh nó comhairlí a bhaineann le

saincheisteanna comhionannais nó le saincheisteanna mná ach go háirithe ag cuid mhór comharchumann sna meáin. Tá comharchumainn ann freisin do ghairmithe meán ar mná iad, amhail Cumann Iriseoirí Mhná na Rómáine agus Mná i Scannáin agus ar an Teilifís de chuid RA. Ina theannta sin, tá réimse eagraíochtaí sochaí sibhialta atá ag feidhmiú timpeall ban agus sna meáin. Déanann Brúghrúpa Mhná na hEorpa faireachán ar bheartais maidir le mná agus na meáin, bíonn páirteach in oiliúint d'iriseoirí agus tá ról acu le sonraí ar fud na hEorpa a bhailiú maidir le steiréitíopaí inscne, gnéasachas agus foréigean sna meáin.

## **Torthaí as obair EIGE ar dheachleachtais**

### **Plean Comhionannais Inscne, ORF (Österreichischer Rundfunk, Corparáid Craoltóireachta na hOstaire), an Ostair**

In 2011 rinne ORF, craoltóir náisiúnta na hOstaire, fiosrú ar stádas na mban ina eagraíocht agus fuarthas amach go raibh éagothroime leitheadach inscne ann. Cé gur mná iad 42 % den fhórsa oibre, tá siad bailithe i ndéanamh clár seachas i bpoist theicniúla. San ardbhainistíocht tá siad anghann, níl ach 11 % de na stiúrthóirí réigiúnacha stiúideo agus 22 % de na cinn roinne lárnacha ina mná. Níl bean ar bith ar an mbord feidhmiúcháin. Ach is mná iad dhá thriain de na fostaithe páirtaimseartha.

Le dul i ngleic leis seo, thiomsaigh ORF plean comhionannais inscne sé bliana i 2012. Tá sé d'aidhm aige comhionannas inscne agus gairmeacha ban a chur chun cinn, idirdhealuithe atá ann a dhíothú, comhréiteach a chumasú idir obair agus teaghlach do mhná agus d'fhir, sciar 45 % de mhná a bhaint amach sna réimsí nach bhfuil mná rannpháirteach mórán iontu, agus sciar na mban de na gairmeacha teicniúla a mhéadú. Déantar faireachán bliantúil ar fheidhmiú an phlean agus déanann an Coimisiún Comhionannais Inscne, an LárChomhairle Oibre agus na fostaithe uile é a phlé. Is ábhar dóchais iad na torthaí luatha, tá líon na mban i bpoist ardhphá méadaithe ó 26.2 % go 27.7 % idir 2011 agus 2012.

### **Sainbhunachar KVINFO, An Danmhairg**

Sa bhliain 1997, sheol KVINFO, Lárionad Faisnéise na Danmhairge ar Inscne, Comhionannas agus Inghnéitheacht, a Shainbhunachar arlíne le hinfheictheacht na mban sna meáin agus a rochtain ar ardphoist in eagraíochtaí meán a fheabhsú. Tá liosta de beagnach 1 200 ban as gach réimse den tsochaí, lena náirítear eolaithe agus lucht taighde, mná gnó agus bainisteoirí, polaiteoirí, iriseoirí agus daoine as domhan na healaíne agus an chultúir. Cé go bhfuil na mná anfeiceálach i meáin na Danmhairge agus go bhfuil poist ardghradaim acu mar léitheoirí nuachta, tuairisceoirí cogaidh agus POF ar chainéil meán, is beag díospóireachta poiblí atá ann faoi ábhar. Cé go bhfuil mná na Danmhairge i measc na mban is fearr oideachais ar domhan, fir ab ea iad 72 % de na saineolaithe ar tugadh spás dóibh sna meáin i 2010.

Cuireann an bunachar sonraí uirlis bháúil ar fáil d'iriseoirí, fostóirí, lucht eagraithe comhdhálacha le teacht ar shaineolaithe ban le cáilíochtaí sonracha agus scileanna i réimse leathan saineolais (eolaíocht, gnó, polaitíocht, cultúr, ealaín). Tá saineolaithe ban feiceálach d'iriseoirí dá bharr sin, agus méadú ar mheáchan agus ar ghuth na mban sna meáin.



## DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE J: MNÁ AGUS NA MEÁIN

### DUL CHUN CINN

- Is maith an ionadaíocht atá ag na mná in AE i gcéimeanna oideachais a bhaineann leis na meáin.
- Tá dul chun cinn déanta i líon na mban a bhfuil gairm acu sna meáin.
- Tá meicníochtaí chomhionannais inscne forbartha ag roinnt (poiblí den chuid is mó) eagraíochta meán a thacaíonn fostaíocht na mban sna meáin.
- Éiríonn mná níos fearr i mbarrphoist na neagraíochtaí meán i mBallstáit na hEorpa Thoir agus Nordacha.
- Tá cleachtais rialála deonacha á dtabhairt isteach i roinnt Ballstát.

### BAIC

- Tá mná faoi ghannionadaíocht i mbarrphoist ina dtéann i gcion ar inneachar eagarthóireachta.
- Ní raibh beartais/meicníochtaí faireacháin um chomhionannas inscne ar bun i ngach uile comhlacht meán in AE.
- D'fhéadfaí an "tsíleáil ghloine" i dtionscadal na meán cur le bearna phá idir na hinscní agus le leithscaradh ingearach.
- Tá an tomhas maidir le hionadaíocht na mban agus na bhfear in inneachar meán dodhéanta faoi láthair.
- Is neamhleor faisnéis faoi stádas na mban i roinnt earnálacha meán (e.g. na meáin dhigiteacha, fógraíocht, scannánaíocht agus foilsíú).

## An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Díriú ar an "tsíleáil ghloine" leanúnach atá san earnáil meán le rannpháirtíocht na mban i mbarrphoist chinnteoireachta agus mar chomhaltaí boird a bharrfheabhsú.
- Bearta deonacha atá glactha ag eagraíochtaí meán a chomhlánú le bearta beartais a thacaíonn le athrú iomlán ar an earnáil meán agus ar a gcuid inneachair.
- Tabhairt faoin difreálach pá idir na hinscní agus faoin leithscaradh ingearach trí ghníomhartha ar leith a chur i bhfeidhm.
- Iarmhairtí tromchúiseacha ar steiréitíopaí inscne a dhéantar sna meáin a admháil.
- Measúnacht a dhéanamh ar conas a léirítear mná agus fir sna meáin.
- Steiréitíopaí in inneachar sna meáin a cheistiú, agus cead cainte á chosaint ag an am céanna.

## An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí in-chomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtais chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



### Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality  
Gedimino pr. 16  
LT-01103 Vilnius  
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA  
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

[facebook.com/eige.europa.eu](https://facebook.com/eige.europa.eu)

[twitter.com/eurogender](https://twitter.com/eurogender)

[youtube.com/eurogender](https://youtube.com/eurogender)

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:10.1007/978-92-9218-563-3

MH-04-15-022-DE-N